## Clóscríobhán Underwood

**CONNRAḊ NA GAEḊILGE**

**(CLOḊANNA - TEORANTA)**

;)------------------------------------(;

Meamram aontuiġṫe é seo a rinneaḋ an ...[31 aḋ]... lá so de mí Iúil 1930 idir Cloḋanna [Teo] ag a ḃfuil a oifig cláruiġṫe suiḋte i nUimir 25 Cearnóg Parnail i gCaṫair Baile Áṫa Cliaṫ den ċéad páirt agus Magnuar Ó Domnaill ar uimir 34 Sráid Manor ins an gCaṫair ċéadna, eagarṫóir, den páirt eile le n-a ngníṫear fiaḋnaise go ḃfuil socruiġṫe idir na páirtiḋe a luaiḋtear romainn annso mar leanas:-

1. Go mbeiḋ Magnus Ó Domnaill ina eagarṫóir ar an "gClaiḋeaṁ Soluis", páipéar oifigeaṁail Connarṫa na Gaeḋilge a ṫagas amaċ gaċ mí.

2. Gur post páirt-aimsearaċ a ḃéas aige.

3. Go ḃforduiġṫear é ó mí go mí fá ṫuarasdal do réir ráta £7 i n-aġaiḋ na míosa ag tosnú ó'n dáta so agus an tuarasdal iondíolta ċom túirse agus ṫagas an t-eagrán amaċ.

4. Go mbeiḋ ~~mmm~~ mar ḋualgas air "An Claiḋeaṁ Soluis" a ċur i n-eagar gaċ mí, airtí do soláṫair agus do sgríoḃaḋ, an páipéar a ṫabairt amaċ i gcló an Ceadaoin roim an ċéad Saṫairn den mí.

5. Go mbeiḋ air an cainnt a leagfar Coiste Gnóṫa Connarṫa na Gaeḋilge amaċ dó a ċur i bfeiḋm ins an bpáipéar agus pé bí coingeallaċa a ċeapfar an Coiste céadna a ċomlíonaḋ.

6. Go mbeiḋ sé i láṫair ag gaċ cruinniú den Coiste Gnóṫa dem Buan Coiste agus do aon fo-choiste eile is gáḋ dár leis an gCoiste Gnóṫa cun go dtuigfiḋ sé cúrsaí an Connarṫa go maiṫ.

Litir chlóscríofa dar dáta 31 Iúil 1930.